C/2024/4755

24.7.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Iúil 2024

lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais na Cipire

(C/2024/4755)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Iúil 2024 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais na Cipire (BCE/2024/16) ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, chun iniúchadh a dhéanamh ar chuntais BCE agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tháinig deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais na Cipire, PricewaterhouseCoopers Limited, tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2022. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2023 ar aghaidh.

(3) Tá Baker Tilly Klitou agus Partners Limited roghnaithe ag Banc Ceannais na Cipire mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2023 go 2027.

(4) Mhol Comhairle Rialaithe BCE go gceapfaí Baker Tilly Klitou and Partners Limited mar iniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais na Cipire do na blianta airgeadais 2023 go 2027.

(5) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle ([2]) a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 14:

‘14. Leis seo, formheastar Baker Tilly Klitou and Partners Limited mar iniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais na Cipire do na blianta airgeadais 2023 go 2027.’.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO C, C/2024/4411, 8.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4411/oj.
([2]) Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69).